**Faisnéis faoin obair leantach ar an ilghearán maidir le neamh-chomhoiriúnacht fhéideartha dálaí oibre giúistísí oinigh san Iodáil d'fhorálacha éagsúla de dhlí saothair an Aontais – gearán atá cláraithe faoin uimhir thagartha CPLT(2015)1071 – Nuashonrú an XX Bealtaine 2024**

Tá líon nach beag gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an bhféidearthacht atá ann nach bhfuil dálaí oibre giúistísí oinigh san Iodáil comhoiriúnach d'fhorálacha éagsúla de chuid dhlí saothair an Aontais.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CPLT(2015)1071.

An 16 Iúil 2020, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás C-658/18 UX[1], gur cheart stádas oibrithe a bheith ag na giúistísí oinigh sin. An 7 Aibreán 2022, i gcás C-236/20[2], mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an breithiúnas a thug sí roimhe seo agus chinn sí, i gcás ina mbeadh giúistísí oinigh i staid inchomparáide mar ghnáthbhreithiúna, go mbeidís i dteideal cóir chomhionann i dtéarmaí saoire bhliantúil le pá agus cosaint slándála sóisialta.

An 15 Iúil 2021, chinn an Coimisiún tús a chur le nós imeachta um shárú trí litir fógra fhoirmiúil a sheoladh chuig an Iodáil toisc nár chomhlíon a reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le giúistísí oinigh dlí saothair an Aontais go hiomlán. Dar leis an gCoimisiún, níor chomhlíon reachtaíocht na hIodáile roinnt forálacha den Chreat-Chomhaontú atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE maidir le hobair ar théarma seasta; an Creat-chomhaontú atá i gceangal le Treoir 97/81/CE maidir le hobair pháirtaimseartha; Treoir 2003/88/CE maidir le hAm Oibre, agus Treoir 92/85/CEE maidir le hOibrithe Torracha. Roinnt catagóirí de ghiúistísí oinigh, i.e. giúistísí oinigh na síochána (*'giudice onorario di pace'*), leas-ionchúisitheoirí oinigh (VPO), agus breithiúna oinigh (GOT), ní thugtar an chosaint dóibh atá ceangailteach faoi dhlí saothair an Aontais. Mar shampla, caitear leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna maidir le liúntais i gcás breoiteachta, timpistí agus toirchis. Tá sé d'oibleagáid orthu freisin clárú le ciste na hInstitiúide Náisiúnta um Leas Sóisialach d'oibrithe féinfhostaithe. Sa litir fógra fhoirmiúil, d'ardaigh an Coimisiún freisin an fíoras go mbíonn difríochtaí acu maidir le pá agus módúlachtaí pá, chomh maith le hidirdhealú cánach, agus na ceisteanna maidir le saoire mháithreachais le pá agus aisíocaíocht speansais dhlíthiúil a thabhaítear le linn imeachtaí araíonachta. Ní thugtar a ndóthain cosanta do ghiúistísí oinigh i gcoinne mí-úsáid sraitheanna conarthaí ar théarma seasta ach oiread, agus níl an deis acu cúiteamh cuí a fháil sa mhí-úsáid sin. Ina theannta sin, níl córas curtha ar bun ag an Iodáil chun am oibre laethúil gach giúistís oinigh a thomhas.

Ghlac an Iodáil reachtaíocht nua i mí na Nollag 2021. D'ardaigh na forálacha nua saincheisteanna fós maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais agus sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil bhreise chuig an Iodáil an 15 Iúil 2022. Thug an Iodáil freagra an 28.10.2022 agus an 15.12.2022.

An 14 Iúil 2023, chinn an Coimisiún Tuairim Réasúnaithe a eisiúint toisc nár réitíodh na casaoidí a sainaithníodh sa litir fógra fhoirmiúil bhreise. Chuir an Iodáil trí fhreagra isteach ar an Tuairim Réasúnaithe agus chuir sí an Coimisiún ar an eolas faoi leasuithe reachtacha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na casaoidí a leagtar amach sa tuairim réasúnaithe. Tá na freagraí a chuir an Iodáil isteach á measúnú faoi láthair ag seirbhísí an Choimisiúin.

[1] Cás C-658/18, *UX v Governo della Repubblica italiana*, ECLI:EU:C:2020:572.
[2] CBAE C-236/20, *PG v Ministero della Giustizia*, ECLI:EU:C:2022:263

Is ar an suíomh gréasáin seo a choinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas faoi na bearta leantacha a dhéanfar i leith a ngearán.